GAEILGE IORRAIS

| Preasráiteas | Tuilleadh eolais: | *Leagan Béarla ar lch. 3 |
|---|---|---|
| Press Release | gaeilgeiorrais@gmail.com | English summary on pg 3. |
| 19.08.2024 | **097-29023** | |

# Comhghairdeas le páistí as Gaeltacht Iorrais a bhí páirteach i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2024

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais comhghairdeas ó chroí agus bualadh bos mór millteach a thabhairt do chuile dhuine óg ón nGaeltacht seo a ghlac páirt i bhFleadh Cheoil na hÉireann i Loch Garman le gairid. Roghnaíodh 6 duine óg as Iorras le dul ar aghaidh ó Fhleadh Chonnacht i 7 gcomórtas éagsúla; Eimear de Róiste, Fionn Ó hIarbháin, Jamie Ó Ciaráin, Muireann Nic Aindriú, Nell Ní Mhongáin agus Ruby Ní Ghiollabháird.

Bhí beirt páirteach sa chomórtas comhrá Gaeilge in aoisghrúpaí difriúla; ghlac Eimear de Róiste (SN na hEachléime agus CCÉ Clann Lir Iorrais) páirt sa chomórtas comhrá Gaeilge faoi 9. Ghlac Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg agus CCÉ Clann Lir Iorrais) páirt sa chomórtas comhrá Gaeilge 9 -11. Bhí orthu suas le deich nóiméad cainte a dhéanamh i nGaeilge bunaithe ar ábhair éagsúla agus ansin dán a rá nó scéal a insint. D'éirigh le hEimear de Róiste an 1ú áit a bhaint amach sa chomórtas comhrá Gaeilge faoi 9 agus an scéal 'Domhnall Dualbhuí' ón gceantar seo ráite aici. Bronnadh Corn Chumann na bhFiann ar an gcainteoir óg Gaeilge seo as an Eachléim.

D'éirigh thar cionn le fonnadóirí óga na Gaeltachta seo agus 3 dhuais ar fad tugtha leofa ag óige Iorrais i gcomórtais amhránaíochta ar an sean-nós;

- Bhain Fionn Ó hIarbháin (SN na hEachléime & CCÉ Clann Lir Iorrais) an dara háit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (fir faoi 12 bliain).
- Bhuaigh Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama & CCÉ Clann Lir Iorrais) an tríú háit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (mná faoi 12 bliain).
- Bhuaigh Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch & CCÉ Clann Lir Iorrais) an dara háit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (fir 12 - 15 bliain).



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Bhí siad ag canadh leaganacha áitiúla d'amhráin mhóra na Gaeltachta seo go binn – ina measc, Sail Óg Rua, Sadhbh Ní Mhonghaile, Liam Ó Raghallaigh, Abhainn Mhór agus Amhrán na Sméara. Ba mhaith le Gaeilge Iorrais ardmholadh agus buíochas speisialta a ghabháil le Síle Uí Mhongáin, múinteoir amhránaíochta na bpáistí, atá ag tabhairt faoi chlár amhránaíochta ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais le díograis agus le dúthracht agus a bhuí le tacaíocht ó scéim Neartú Ealaín na Gaeltachta atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais ó 2020, i gcomhar le bunscoileanna Gaeltachta an cheantair.

Gabhann Gaeilge Iorrais buíochas le chuile dhuine a d'fhreastail ar an ócáid cheiliúrtha do na daoine óga seo a ghlac páirt i bhFleadh na hÉireann agus go deimhin d'óige an cheantair a ghlac páirt i bhFhleadh Chonnacht agus i bhFleadh Mhaigh Eo roimhe sin. Bhí an ceiliúradh ar siúl Dé Céadaoin 14 Lúnasa in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Tá moladh mór ag dul do na daoine óga seo go léir, maraon lena gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí as a gcuid tacaíochta agus spreagtha. Tháinig teaghlaigh, muintir, cairde, múinteoirí, lucht tacaíochta agus pobal na Gaeltachta seo le chéile chun obair agus éachtaí na bpáistí go léir a cheiliúradh. Bhronn Gaeilge Iorrais roinnt féiríní ar an oíche chomh maith. Bhí slua breá (breis agus 70 duine) i láthair agus deis acu éisteacht le fonnadóirí agus cainteoirí óga na Gaeltachta seo.

Tugann ócáidí cosúil le fleadhanna deiseanna do rannpháirtithe cur lena gcuid foghlama agus forbartha sna healaíona traidisiúnta teangabhunaithe, chomh maith le tógáil ar a gcuid féin-mhuiníne agus a scileanna chur i láthair. Deis iontach a bhí ann, leis sin, saibhreas agus oidhreacht na Gaeltachta seo a léiriú. Is mór againn tallann na bpáistí go léir agus a gcuid rannpháirtíochta ar ardchaighdeán a cheiliúradh. Is mian linn na héachtaí ar fad a thréaslú leofa arís agus muid ag súil go mór le tuilleadh a chloisteáil uathu, bíodh sin agus iad ag gabháil fhoinn, i mbun scéalaíochta, ag comhrá Gaeilge nó ag ceol.

Lean seisiún ceoil Comhaltas (Craobh Chlann Lir Iorrais) ar aghaidh i ndiaidh na hócáide seo. Bhí idir ceol, amhránaíocht, damhsa agus eile le blaiseadh ann ó scoth na gceoltóirí idir óg agus aosta. Buíochas le Craobh Chlann Lir Iorrais, Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead agus Ealaín na Gaeltachta as a gcuid tacaíochta go léir.



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

GAEILGE IORRAIS

**Nóta maidir le Scéim Neartú (Ealaín na Gaeltachta)**

Tá cothú agus cur chun cinn na n-ealaíon dúchasach i measc na hóige sa Ghaeltacht ar cheann de na bearta atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022* agus sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*.

Tá Ealaín na Gaeltachta (comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon) ag comhoibriú le Roinn na Gaeltachta leis an mbeart seo a chur i bhfeidhm tríd an gclár Cuisle - Scéim Neartú san áireamh.

Tá súil ag Gaeilge Iorrais leanúint leis an gclár amhránaíochta ar an sean-nós sna 7 mbunscoil Ghaeltachta in Iorras agus a bhuíochas leis an tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta faoin gclár Cuisle (scéim Neartú). Bhí breis agus 230 páiste bunscoile rannpháirteach ann le linn 2023/24.

**Leagan Béarla / English summary**

**Great day for children from Gaeltacht Iorrais at Fleadh Cheoil na hÉireann**

Gaeilge Iorrais would like to offer heartiest congratulations and a huge round of applause to all the young people from CCÉ Clann Lir Iorrais in our Gaeltacht area that took part in *Fleadh Cheoil na hÉireann* recently. 6 young people from the Clann Lir Iorrais branch of Comhaltas qualified in 7 distinct competitions at *Fleadh Chonnacht* to progress to this all-Ireland event in Wexford: Eimear de Róiste, Fionn Ó hIarbháin, Jamie Ó Ciaráin, Muireann Nic Aindriú, Nell Ní Mhongáin, Ruby Ní Ghiollabháird. All 6 attend Gaeltacht schools in Erris and participate in the *sean-nós* singing program (funded by *Ealaín na Gaeltachta* Neartú scheme) and coordinated by Gaeilge Iorrais since 2020.

Two local girls took part in the Irish language conversation competition in different age groups (*an comórtas comhrá Gaeilge*). Eimear de Róiste (SN na hEachléime & CCÉ Clann Lir Iorrais) took part in the under 9 comhrá Gaeilge. Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg & CCÉ Clann Lir Iorrais) participated in the 9-11 comhrá Gaeilge competition. Both had to speak in Irish about a variety of topics for about ten minutes and then recite a poem or tell a story *i nGaeilge*. Congrats to Eimear de Róiste on taking 1st place in the under 9 comhrá Gaeilge competition. She told the legendary local tale of Domhnall Dualbhuí on the day. Cumann na bhFiann perpetual cup has now come to Erris for the first time since 1992!

The young *sean-nós* singers from our Gaeltacht area were also very successful on the day and won a total of 3 prizes:



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

- Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama & CCÉ Clann Lir Iorrais) took third place in the under-12 girls *sean-nós* singing competition.
- Fionn Ó hIarbháin (SN na hEachléime & CCÉ Clann Lir Iorrais) secured second place in the *sean-nós* singing competition for under 12 year old boys.
- Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch & CCÉ Clann Lir Iorrais) took second place in the men's 12-15 year old *sean-nós* singing competition.

It was truly heart-warming to listen to these children singing local versions of renowned songs from our Gaeltacht area (songs such as Sail Óg Rua, Liam Ó Raghallaigh, Abhainn Mhór, Sadhbh Ní Mhonghaile, Amhrán na Sméara, to name a few). We would also like to give special thanks and due praise to their *sean-nós* singing teacher, Síle Uí Mhongáin, who is undertaking the *sean-nós* singing program in Gaeltacht scheme schools in Erris with enthusiasm and dedication, under the *Ealaín na Gaeltachta* Neartú scheme.

Gaeilge Iorrais would like to thank everyone who attended the homecoming celebration for all the local children that participated in Fleadh Cheoil na hÉireann and also those that participated in Fleadh Chonnacht and Fleadh Mhaigh Eo. All these young people, together with their parents, their schoolteachers, music and singing teachers, deserve huge praise. *Nár laga Dia iad*! Families, friends, teachers, supporters of the children along with the local Gaeltacht community came together to celebrate all their hard work, talent and achievements. The event took place on Wednesday 16 August in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Over 70 people came to celebrate and congratulate each of these children along with their parents and teachers. All present thoroughly enjoyed listening to the children's sean-nós singing, recitation and scéalaíocht followed by a presentation by Gaeilge Iorrais. It was a truly memorable occasion.

Events such as *fleadhanna* give children opportunities to further their learning and development in traditional and Irish language-based arts, as well as building on their self-confidence and performance skills. It also offers a great opportunity to showcase the rich linguistic and musical heritage of our Erris Gaeltacht area. We are delighted to celebrate the great level and standard of participation and all these talents and achievements. We look forward to hearing much more singing, storytelling, comhrá Gaeilge and music from each of these talented young people.

The Comhaltas trad music session (Clann Lir Branch, Béal an Mhuirthead) continued after this event. All enjoyed a night of music, singing, dancing and more from some of the best local and visiting musicians both young and old. Huge thanks as always to Craobh Chlann Lir and Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead and Ealaín na Gaeltachta for their continued support and collaboration.



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.